



Plean Freagartha COVID-19

Prótacal Idirthréimhseach: Good Practice Guidance for
Continuing to Prevent the Spread of COVID-19

Plean Freagartha COVID-19

An Clár Ábhar



An Réamhrá



An plean seo a úsáid



Céim 1 – Beartas COVID-19 an Fhostóra



Céim 2 – Daoine Freagrach as Tascanna a Dhéanamh



Céim 3 – Eolas an Fhostóra



Céim 4 – Seicliostaí

Plean Freagartha COVID-19



An Réamhrá

Tugtar breac-chuntas i bPlean Freagartha COVID-19 ar na bearta a theastaíonn ó fhostóirí chun cloí le Prótacal Idirthréimhseach an Rialtais, *Transitional Protocol: Good Practice Guidance for Continuing to Prevent the Spread of COVID-19 (Eanáir 2022)*. Áirítear leo sin bearta chun COVID-19 a chosc san ionad oibre, agus feidhmiú sábháilte leanúnach na n-ionad oibre.

Tabharfaidh an Plean Freagartha forléargas ar na príomhréimsí ba cheart d'fhostóirí a mheasúnú chun an chomhairle sláinte poiblí athraithe agus an chomhairle sa Phrótacal Idirthréimhseach a chur san áireamh.

Teastaíonn tiomantas láidir don Phlean Freagartha ón lucht bainistíochta agus ó na hoibrithe, agus ba cheart leanúint á chothabháil, nó á nuashonrú i gcomhar leis na hoibrithe agus a chur in iúl dóibh, nuair atá sé réidh. Beidh comhairliúchán leis na hoibrithe agus lena n-ionadaithe riachtanach chun go n-éireoidh le do Phlean Freagartha COVID-19.

Tabhair faoi deara: Is cáipéis oibre beo é an Plean Freagartha agus ba cheart é a athbhreithniú go leanúnach agus é a leasú bunaithe ar threoir nua ó gov.ie, hse.ie, hpsc.ie, dbei.ie agus hsa.ie.

Tá sé tábhachtach, fiú nuair a chloítear leis an treoir seo, go bhfuil d'ionad oibre fós ag comhlíonadh na rialachán sláinte agus sábháilteachta, sábháilteachta dóiteáin, bia agus foirgníochta atá i bhfeidhm faoi láthair.

Plean Freagartha COVID-19



An plean seo a úsáid

Ba cheart sonraí a thabhairt i do Phlean Freagartha COVID-19 ar an gcaoi a gcuirfidh do ghnó na bearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC) i bhfeidhm chun cabhrú le leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc. Sonraítear sa Phrótocal Idirthréimhseach, *Transitional Protocol: Good Practice Guidance for Continuing to Prevent the Spread of COVID-19*, an méid ba cheart d'fhostóirí a dhéanamh fós chun guaiseacha agus rioscaí COVID-19 a rialú agus a bhainistiú san ionad oibre. Tá eolas breise ar fáil sa Phrótocal Idirthréimhseach. Is iad na bealaí is fearr chun leathadh COVID-19 a chosc in ionad oibre nó in áit ar bith eile ná bearta coisctheacha a chur i bhfeidhm, ar nós sláinteachas ceart lámh, béasa riospráide, aeráil mhaith agus oibríthe a chinneann vacsaín a fháil. Tá féinleithlisiú go tapa nuair a thagann siomptóim ar oibrí ina bheart coisctheach tábhachtach freisin. D'fhéadfadh fostóirí, i gcomhairle lena n-oibríthe, cinneadh a dhéanamh freisin cloí fós le cuid de na bearta a phléitear sa Phrótocal um Oibriú go Sábháilte (Eanáir 2022), má mheasann siad go dteastaíonn na bearta sin ina n-ionad oibre féin, m.sh. bearta scartha fhisiciúil.¹

Pléitear eolas agus an treoir thábhachtach sna codanna seo a leanas a chabhróidh leat Plean Freagartha COVID-19 a fhorbairt. Tá seicliostaí sonracha ar fáil chun tuilleadh cúnamh a thabhairt nuair atá ábhar an Phlean Freagartha á mheas. Is iad sin:

- Beartas COVID-19, a dhéanfaidh an stiúrthóir bainistíochta agus/nó an t-úinéir gnó a shíniú agus dáta a chur leis. Tabharfar breac-chuntas sa Bheartas ar thiomantas an lucht bainistíochta do chur i bhfeidhm an Phlean Freagartha agus na seicliostaí lena mbaineann.
- Seicliosta – Ag déileáil le Cás Amhrasta COVID-19
- Seicliosta – Glantachán agus Díghalrú
- Seicliosta – Oibríthe
- Seicliosta – Ról an Phríomh-Ionadaí Oibríthe
- Seicliosta – Aeráil
- Seicliosta – Ag Filleadh ar an Oifig
- Seicliosta – Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine (RADT)
- [Treoir \(Eatramhach\) le haghaidh Fostóirí maidir le hInniúlacht chun Oibre i ndiaidh Asláithreachta de bharr COVID-19](#)

Is próiseas ceithre chéim é an Plean Freagartha (Fíor 1).

N.B. Is cáipéis beo é an plean agus tá sé tábhachtach go leantar ar aghaidh ag feidhmiú an Phlean, agus á nuashonrú de réir na comhairle Sláinte Poiblí agus Rialtais. Tá sé tábhachtach freisin súil a choinneáil ar an liosta gníomhartha ar gach seicliosta chun a chinntiú go gcuirtear i gcrích iad.

Fíor 1 – An Próiseas Ceithre Chéim do Phlean Freagartha COVID-19



¹ Is gá fós masc/clúdach aghaidhe a chaitheamh sna hearnálacha iompair poiblí, tacsaithe, miondíola, oifigí poiblí agus cúraim sláinte.

Plean Freagartha COVID-19



Céim 1 – Beartas COVID-19 an Fhostóra

Tugtar breac-chuntas sa Bheartas COVID-19 seo ar ár dtiomantas mar fhostóir chun Plean Freagartha COVID-19 a chur i bhfeidhm agus cabhrú le leathadh COVID-19 san ionad oibre a chosc. Déanfaidh an stiúrthóir bainistíochta agus/nó an t-úinéir gnó an beartas a shíniú agus dáta a chur leis, agus tarraingeofar aird ar mbainisteoirí, ár maoirseoirí, ár n-oibríthe, ár gconraitheoirí, ar gcuairteoirí agus ár gcliant air.

Ráiteas Beartais COVID-19

Tá _____ tiomanta do leathadh COVID-19 inár n-ionad oibre a chosc. D'fhorbraíomar Plean Freagartha COVID-19 mar seo a leanas, agus athbhreithníodh é de réir an Phrótacail Idirthréimhsigh nuashonraithe, *Transitional Protocol: Good Practice Guidance for Continuing to Prevent the Spread of COVID-19*. Teastaíonn comhiarracht ó bhainisteoirí, maoirseoirí agus oibríthe chun a chinntiú go n-éiríonn leis an bPlean seo leathadh COVID-19 inár n-ionad oibre a chosc. Déanfaimid na nithe seo a leanas:

- leanúint leis an monatóireacht ar ár bhfreagairt do COVID-19 agus an Plean seo a nuashonrú i gcomhar lenár gcuid oibríthe
- an Plean Freagartha a chur in iúl dár n-oibríthe, a luaithe a chuirtear i gcrích é
- eolas cothrom le dáta a sholáthar dár gcuid oibríthe i dtaca leis an gcomhairle sláinte poiblí a eisíonn hse.ie, gov.ie agus hpsc.ie
- a chinntiú go bhfreastalaíonn gach oibrí ar sheisiún eolais faoi bhearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC) COVID-19
- eolas a thaispeáint faoi chomharthaí agus siomptóim COVID-19, agus bearta IPC eile
- ceapachán Príomh-Ionadaí Oibríthe amháin ar a laghad a éascú, i gcomhairle lenár n-oibríthe agus a n-ionadaithe
- ainm an Phríomh-Ionadaí Oibríthe/na bPríomh-Ionadaithe Oibríthe agus a ról a chur in iúl
- oibríthe a choinneáil ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le cloí le bearta IPC – sláinteachas lámh, béasa riospráide agus riachtanais aerála
- an t-ionad oibre a oiriúnú, nó leanúint ar aghaidh á oiriúnú, chun gur féidir bearta IPC COVID-19 eile a dhéanamh. Ar an mbealach sin, cinnteimid nach nochtfar oibríthe trí thimpiste do ghuaiseacha agus rioscaí breise sláinte agus sábháilteachta ceirde
- dul i gcomhairle lenár n-oibríthe agus lena n-ionadaithe roimh ré, sa chás go bhfuiltear ag smaoineamh faoi chlár Mearthástála Diagnóisí Antaigine (RADT) a thabhairt isteach
- an t-ionad oibre a oiriúnú, nó leanúint ar aghaidh á oiriúnú, chun gur féidir leathadh COVID-19 a chosc
- cúinsí rioscaí ar leith na n-oibríthe a chur san áireamh
- inniúlacht chun oibre na n-oibríthe a chur san áireamh i ndiaidh dóibh a bheith as láthair mar gheall ar COVID-19 (nó cás amhrasta COVID-19)
- a chinntiú go bhfuil bearta i bhfeidhm chun déileáil le cás amhrasta COVID-19 san ionad oibre, nó le ráig COVID-19
- treoracha soiléire a thabhairt d'oibríthe a bheidh le leanúint má thagann comharthaí agus siomptóim COVID-19 orthu le linn na hoibre
- a rá le hoibríthe go gcaithfidh siad fanacht sa bhaile ón obair má bhíonn comharthaí nó siomptóim COVID-19 orthu, féin-leithlisiú, agus tástáil a dhéanamh
- a rá le hoibríthe go gcaithfear cloí leis an gcomhairle Sláinte Poiblí i dtaobh thoradh a dtástála
- ceannasaí/ceannasaithe a shainnaint chun bearta sonracha a chur in iúl d'oibríthe nach é an Béarla a gcéad teanga agus chomh minic a thabharfar cothrom le dáta iad.
- a chinntiú go bhfuil bearta teagmhasacha i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí COVID-19 san ionad oibre
- leanúint leis na bearta glantacháin atá i bhfeidhm agus leis na bearta díghalraithe, más gá.
- cloí leis na ceanglais GDPR ar fad i dtaobh eolas pearsanta a chothabháil.

Rachfar i gcomhairle leis na bainisteoirí, maoirseoirí, Príomh-Ionadaí Oibríthe/Príomh-Ionadaithe Oibríthe agus oibríthe ar fad go rialta agus spreagtar aiseolas ar aon ábhar inní, fadhb nó moladh.

Is féidir aiseolas/ábhar inní a chur in iúl tríd an bPríomh-Ionadaí Oibríthe/na Príomh-Ionadaithe Oibríthe.

Ainm(neacha): _____

Sínithe: _____ Dáta: _____

Plean Freagartha COVID-19



Céim 2 – Daoine Freagrach as Tascanna a Dhéanamh

Cheapamar duine/daoine ar a bhfuil an oiliúint chuí chun a chinntiú go gcuirtear an Plean i bhfeidhm agus go gcuirtear na seicliostaí i gcrích.

Sainiathnódh an príomhphearsanra a chomhaontaigh freagracht a ghlacadh as tascanna ar nós:

- ról an Phríomh-Ionadaí Oibríthe
- úsáid seicliostaí chun aon réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú a shainaithint
- seiceálacha rialta chun a chinntiú go bhfuil Plean Freagartha COVID-19 i bhfeidhm
- athbhreithniú ar mheasúnuithe rioscaí agus ar an ráiteas sábháilteachta
- oiliúint
- athbhreithniú ar nósanna imeachta éigeandála agus garchabhrach
- a chinntiú go gcothabháiltear na taifid agus na seicliostaí ábhartha

Chuamar i gcomhairle leis na daoine atá freagrach as na tascanna sin agus:

- chuireamar ar an eolas iad faoi na tascanna agus faoina bhfreagrachtaí
- chuireamar a n-ainm leis an tasc/na tascanna ábhartha i dtábla na nDaoine Freagracha (féach thíos) agus d'iarramar ar gach duine freagartha a n-ainm a shíniú chun a léiriú go gcomhaontaíonn siad tabhairt faoin tasc sin.

Féach an teimpléad thíos le haghaidh Chlár na nDaoine Freagracha.

Clár Tascanna na nDaoine Freagracha (Neamhchuímsitheach)			
Uimh.	Tascanna (ní liosta iomlán é seo)	Duine Freagrach/Daoine Freagracha	Síniú
1	An té atá freagrach as cur i bhfeidhm an Phlean Freagartha trí chéile		
2	Ceapachán agus oiliúint an Phríomh-Ionadaí Oibríthe		
3	Seicliosta – Ag déileáil le Cás Amhrasta COVID-19		
4	Seicliosta – Glantachán agus Díghalrú		
5	Seicliosta – Oibríthe		
6	Seicliosta – Ról an Phríomh-Ionadaí Oibríthe		
7	Seicliosta – Aeráil		
8	Seicliosta – Ag Filleadh ar an Oifig		
9	Seicliosta – Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine (RADT)		
10	Eile		
11	Eile		

Plean Freagartha COVID-19



Céim 3 – Eolas an Fhostóra

Ainm an Fhostóra:	
Seoladh an Ionaid Oibre:	
Stiúrthóir Bainistíochta/Bainisteoir Sinsearach san Ionad Oibre:	
Príomh-Ionadaí Oibríthe/Príomh-Ionadaithe Oibríthe:	
Cineál Gnó:	
Líon Oibríthe (lena n-áirítear go lánaimseartha, go páirtaimseartha, ar conradh agus ó ghníomhaireacht):	
Fón:	
Ríomhphost:	



Céim 4 – Seicliostaí

Úsáid seicliostaí (a) go (h) a leanas chun do fhreagairt a phleanáil.



a) Bearta chun Leathadh COVID-19 a Chosc

Pléann an chuid seo leis na bearta atá á gcur i bhfeidhm againn chun leathadh COVID-19 a chosc nó a laghdú a oiread agus is féidir san ionad oibre agus inár bpobail. Cuireann vacsaíní leis na bearta IPC atá i bhfeidhm, ach níor cheart iad a úsáid in áit na mbeart sin. Ní gá d'oibríthe glacadh le tairiscint vacsaín a fháil ná a chur in iúl dá bhfostóir má fuair siad vacsaín.

Cé gur cuireadh deireadh le go leor srianta, moltar leanúint leis na bearta seo a leanas:

- Sláinteachas lámh/Díghalrú lámh
- Sláinteachas riospráide
- Aeráil mhéadaithe
- Oibríthe i mbaol a mheas
- Eolas agus comhairle a bhaineann go sonrach leis an ionad oibre d'oibríthe (oibríthe a phléann le custaiméirí ina measc), conraitheoirí agus cuairteoirí ar ionaid oibre

Tuilleadh Eolais

- Seicliosta – [Aeráil](#)
- Seicliosta – [Ag Filleadh ar an Oifig](#)
- Seicliosta – [Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine \(RADT\)](#)
- Comhairle FSS faoi 'How to Clean your Hands' ar [hse.ie](#)
- How to Properly Wash Your Hands – [físeán](#)
- Póstaeir agus físeáin Fheidhmeannacht na [Seirbhíse Sláinte/HPSC](#)

Plean Freagartha COVID-19



b) Eolas COVID-19

Cuirfear oibrithe ar an eolas faoi athruithe san ionad oibre agus cuirfear na bealaí nua oibre ar a súile. Tá bearta san ionduchtú, nó an seisiún eolais faoinár n-ionad oibre, a thugaimid d'fhostaithe nua go hiondúil, chun cabhrú le leathadh COVID-19 a chosc. Beidh an treoir agus an chomhairle is nuá faoi shláinte phoiblí, ar a laghad, san oiliúint sin.

Pléifear na nithe seo a leanas agus cuirfear ar shúile na n-oibrithe iad:

(ní liosta iomlán é)

- Córas cumarsáide
- [Comharthaí agus siomptóim COVID-19 \(sa bhaile agus san ionad oibre\)](#)
- Eolas faoin gcaoi a leatar an víreas
- Bearta i bhfeidhm chun leathadh COVID-19 a chosc
- Príomh-Ionadaí Oibrithe/Príomh-Ionadaithe Oibrithe
- Athruithe ar mheasúnuithe rioscaí agus ar an ráiteas sábháilteachta
- Athruithe ar phleananna éigeandála agus ar nósanna imeachta garchabhrach
- Bearta chun déileáil le cás(anna) amhrasta COVID-19
- Nósanna imeachta tuairiscithe
- Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine (RADT) (más ábhartha)
- Inniúlacht chun Oibre i ndiaidh asláithreachta de bharr COVID-19

Tuilleadh Eolais

- [Seicliosta – Oibrithe](#)
- Tá acmhainní COVID-19 a aistríodh ar fáil ó [hse.ie](#) agus [hsa.ie](#).
- [Transitional Protocol: Good Practice Guidance for Continuing to Prevent the Spread of COVID-19](#)
- [Cosaint Sonraí agus COVID-19](#)
- [Comhairle FSS faoi 'How to Clean your Hands' ar hse.ie](#)
- [How to Properly Wash Your Hands – físeán](#)
- [Póstaeir agus físeáin Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/HPSC](#)



c) Ag déileáil le Cás Amhrasta COVID-19

Tugtar sonraí anseo faoi na nósanna imeachta a bheidh le leanúint má léiríonn duine éigin ag an obair nó san ionad oibre comharthaí agus siomptóim COVID-19.

Tá foireann freagartha i bhfeidhm againn agus d'ainmníomar cásbhainisteoir nó teagmhálaí/teagmhálaithe chun déileáil le cásanna amhrasta. Tugadh an t-eolas dóibh faoin gcaoi leis sin a dhéanamh go sábháilte. Tá limistéar/limistéir leithlisithe againn a úsáidfear chun an té atá i gceist a leithlisiú ón gcuid eile den lucht oibre. Tá sé éasca do bhealach a dhéanamh chuig an limistéar/na limistéir leithlisithe. Tá na soláthairtí riachtanacha sa limistéar leithlisithe, ar nós ciarsúr, díghalráin lámh, lámhainní, maisc leighis/análaitheora, boscaí/málaí bruscair. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun gur féidir leis an duine an t-áitreabh a fhágáil go sábháilte. Tá pleananna teagmhasacha i bhfeidhm i gcás go léiríonn níos mó ná duine amháin siomptóim COVID-19 ag an obair.

Tuilleadh Eolais

- [Seicliosta – Ag déileáil le Cás Amhrasta COVID-19](#)
- [Seicliosta – Glantachán agus Díghalrú](#)
- [Seicliosta – Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine \(RADT\)](#)
- [Treoir faoi Ráigeanna a Bhainistiú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/HPSC](#)

Plean Freagartha COVID-19



d) Glantachán agus Díghalrú san Ionad Oibre

Tá córas éifeachtach glantacháin i bhfeidhm againn a dhéantar go rialta. Déantar díghalrú chomh maith leis an nglantachán, nuair a theastaíonn sé, agus ní in áit an ghlantacháin riamh. Cabróidh glantachán agus díghalrú rialta le leathadh an víris a laghdú. Tá sé socraithe againn freisin go nglanfar go rialta dromchlaí teagmhála/dromchlaí a leagtar lámh orthu go minic, ar nós cláir bord, trealamh oibre, murláin dorais, ráillí lámh, srl.

Glanfar saoráidí leasa agus limistéir chomhroinnte (m.sh. seomraí locar) go rialta freisin. Má chaithfear dromchlaí éilithe a dhíghalrú, déanfar sin anuas ar an nglantachán.

Molfar d'oibrithe aon earraí pearsanta a thugtar leo ón mbaile a ghlanadh go rialta. Más ábhartha, tabharfar díghalrán lámh agus trealamh glantacháin d'oibrithe dá bhfeithicil oibre, agus molfar dóibh í a ghlanadh roimh gach seal agus ina dhiaidh. Féadfar díghalrán lámh alcólbhunaithe nó nach bhfuil alcólbhunaithe a úsáid. Nuair a roghnaítear díghalrán lámh, cinntimid go bhfuil sé éifeachtach in aghaidh COVID-19 agus seiceálaimid Cláir na dTáirgí Bithicéideacha sa [Roinn Talmhaíochta agus Mara](#) chun a chinntiú go bhfuil an táirge cláraithe agus gur féidir é a úsáid. Má chuirtear díghalrán lámh alcólbhunaithe ar fáil, ní mór go mbeadh 60% alcól ann ar a laghad. Méadaíodh líon na bpointí bailithe dramhaíola san ionad oibre, agus folmhaítear iad go rialta.

Déantar dramhaíl, lena n-áirítear ábhair ghlantacháin, ceirtíní agus ciarsúir pháipéir úsáidte, a dhiúscairt i gceart de réir na mbearta a phléitear sa Phrótocal Idirthréimhseach, [Transitional Protocol: Good Practice Guidance for Continuing to Prevent the Spread of COVID-19](#). Glantar agus díghalraítear limistéir leithlisithe i gceart, agus cloítear leis na bearta a phléitear sa Phrótocal.

Tabharfar eolas agus treoir don fhoireann glantacháin faoi na nósanna imeachta nua.

Tuilleadh Eolais

- [Seicliosta – Glantachán agus Díghalrú](#)
- [Seicliosta – Ag Filleadh ar an Oifig](#)
- [Treoir ón Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú \(ECDC\)](#)



e) Freagrachtaí na nOibrithe san Ionad Oibre

Anuas ar na gnáthfhreagrachtaí a bhíonn ar na hoibrithe a chomhlíonadh gach lá, tá dúshlán nua ag baint le leathadh COVID-19 ar cheart d'oibrithe aghaidh a thabhairt orthu freisin, ionas gur féidir iad a chosaint ar an víreas agus gur féidir an Prótocal Idirthréimhseach a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Ba cheart d'oibrithe:

- leanúint orthu á gcoinneáil féin ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ó [gov.ie](#) agus [hse.ie](#).
- comhoibriú le haon bhearta a chuirtear i bhfeidhm chun cabhrú le leathadh an víris a chosc a chothabháil
- aon fhadhbanna nó ábhar imní atá acu a thuairisciú dá mbainisteoir/maoirseoir nó don Phríomh-Ionadaí Oibrithe
- fanacht sa bhaile ón obair má tá comharthaí nó siomptóim COVID-19 orthu (fiú má tá siad go hiomlán vacsaínithe/má fuair siad teanndáileog), nó má bhí toradh dearfach ar thástáil COVID-19 acu
- tuairisciú do bhainisteoirí láithreach má fhorbraíonn aon siomptóim agus iad ag an obair, agus comhoibriú leis an bpearsanra Sláinte Poiblí agus lena bhfostóir chun críocha rianaithe teagmhála, nuair is gá
- cloí le haon chomhairle Sláinte Poiblí a thugtar má bhíonn cás nó ráig san ionad oibre.

Tuilleadh Eolais

- [Treoir \(Eatramhach\) le haghaidh Oibrithe maidir le hInniúlacht chun Oibre i ndiaidh Asláithreachta de bharr COVID-19](#)
- [Seicliosta – Oibrithe](#)
- [Treoir faoi Ráigeanna a Bhainistiú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/HPSC](#)

Plean Freagartha COVID-19



f) Ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe

Éascóimid ceapachán Príomh-Ionadaí Oibrithe amháin ar a laghad don ionad oibre chun a chinntiú go gcloítear le bearta COVID-19. Cuirfear oiliúint ar an bPríomh-Ionadaí Oibrithe/na Príomh-Ionadaithe Oibrithe agus tabharfar eolas dóibh faoin ról agus faoi na bearta atá i bhfeidhm chun cabhrú le leathadh an víris a chosc. Inseoimid do na hoibrithe cén Príomh-Ionadaí Oibrithe a bhaineann leo agus cén chaoi le dul i dteagmháil leo.

Tá bealaí cumarsáide maithe san ionad oibre riachtanach do na páirtithe leasmhara ar fad. Ba cheart do bhainisteoirí, maoirseoirí agus oibrithe plé leis an bPríomh-Ionadaí Oibrithe/na Príomh-Ionadaithe Oibrithe, chun aird a tharraingt ar ábhar imní, fadhbanna nó ábhar imní a thuairisciú, smaointe a chur faoina mbráid agus feabhsuithe san ionad oibre a shainaithint.

Tuilleadh Eolais

- [Seicliosta – Ról an Phríomh-Ionadaí Oibrithe](#)
- [Cúrsa ar líne HSA do Phríomh-Ionadaithe Oibrithe](#)
- [Póstaer an Phríomh-Ionadaí Oibrithe \(Póstaer A3 agus Póstaer A4\)](#)



g) Aeráil

Ní stopfaidh an aeráil leathadh COVID-19 aisti féin agus ní féidir léi feidhmiú in ionad bearta coiscthe ionfhabhtaithe eile, ar nós vacsaíniú, glantacháin, maisc/clúdaigh aghaidhe, cloí le sláinteachas maith lámh agus riospráide, fanacht sa bhaile má bhíonn siomptóim COVID-19 ort. Mar sin féin, méadaigh an aeráil nuair is féidir, go háirithe nuair atá daoine san ionad oibre nó nuair atá an aeráil go dona ann.

Tuilleadh Eolais

- [Treoír HSA ar Aeráil](#)
- [Seicliosta – Aeráil](#)
- [Transitional Protocol: Good Practice Guidance for Continuing to Prevent the Spread of COVID-19, Cuid 2.C9](#)
- [Póstaer aerála agus acmhainní eile](#)

Plean Freagartha COVID-19



h) Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine (RADT)

Má táimid ag cuimhneamh ar chlár RADT a bhunú, déanfaimid cur i bhfeidhm agus riar RADT a phlé agus a chomhaontú lenár n-oibrithe agus lena n-ionadaithe, an Príomh-Ionadaí Oibrithe agus an tIonadaí Sábháilteachta ina measc. Beidh Príomh-Ionadaithe Oibrithe agus Ionadaithe Sábháilteachta páirteach i réim tástála RADT ar bith a chur i bhfeidhm.

Ní gá do na hoibrithe páirt a ghlacadh i dtástáil RADT murar mian leo é. Ba cheart do Phlean Freagartha COVID-19 an beartas tástála comhaontaithe agus an cur chuige a ghlacfar a chuimsiú, agus iad a chur in iúl do na hoibrithe ar fad.

Tuilleadh Eolais

- Seicliosta – Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine (RADT)
- Transitional Protocol: Good Practice Guidance for Continuing to Prevent the Spread of COVID-19, Cuid 2.C10
- Tá liosta RADTanna lena ngabhann Marcáil CE agus atá ar fáil ar mhargadh an Aontais Eorpaigh ar fáil ar leathanach baile an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde

Is chun críche treorach amháin an t-eolas atá sa teimpléad seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dhlí a chur ort, agus níor cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, cailteanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhásacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an teimpléid seo.